CARGHAS 2021

Acmhainn do na Paróistí le Scrúdú a Dhéanamh ar Thionchar na Coinbhleachta ar na Teaghlaigh sa tSúdáin Theas

'Siad seo mo lámha – beir greim orthu. Ná fág An tSúdáin Theas ina haonar, le do thoil. Tá géarghá againn le do ghrá, le do thacaíocht, le do chuid urnaí'.

An tAthair James Oyet Latansio, Ard-Rúnaí Chomhairle Eaglaisí na Súdáine Theas

CLÁR AN ÁBHAIR

Conas an acmhainn seo a úsáid	**3**
Mar Gheall ar Trócaire	**4**
Carghas 2021	**5**
Mar Gheall ar An tSúdáin Theas	**6**
Seo iad Awut & Ajak	**8**
Modh Páirtíochta Trócaire	**12**
Seo é an tAthair James Oyet Latansio	**13**
Guí ar son na Síochána	**15**
Ceardlann an Pharóiste – Lectio Divina	**16**
Urnaí don Phobal/Paróiste	**20**



Scríbhneoirí

- Údar: Colm Hogan, Trócaire
- Mary Coogan, Trócaire

Ar an gClúdach: (Ón gClé) Ajak lena mac Ngor (8 mí) agus Awut lena gariníon Nyajima (2). Grianghraf: Achuoth Deng

CONAS AN ACMHAINN SEO A ÚSÁID

Díríonn gníomhaíochtaí na hacmhainne seo ar na paróistí agus ar na pobail ón tSúdáin Theas a bhíonn ag comhoibriú le Trócaire.

Beimid ag foghlaim tríd síos sa leabhrán seo faoi na dúshláin a chuirtear roimh na teaghlaigh agus na pobail a ndearnadh díláithriú orthu de bharr na coinbhleachta, faoin mbealach ina dtacaíonn siad lena chéile in aghaidh na ndúshlán, agus faoin mbealach ina ndéanann siad gach iarracht ar shaol rathúil a chaitheamh anois. Tugann siad dea-shampla dúinn maidir le tacú linn féin agus lena chéile in aghaidh na paindéime reatha Covid-19.

Cloisfimid faoi chomhpháirtithe Trócaire, Comhairle Eaglaisí na Súdáine Theas (SSCC).

Tá na gníomhaíochtaí seo leanas istigh anseo, le húsáid ag pobal an pharóiste; ag an ngrúpa liotúirgeach, nó grúpa eile sa pharóiste, nó ag daoine indibhidiúla.

- **Urnaí ar son na Síochána**
- **Ceardlann an Pharóiste**
- **Urnaí le húsáid sa Phobal/Paróiste**

Bí cinnte faoi go gcloítear le treoracha reatha Covid-19 don cheantar sin nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí idir lámha agaibh.

Bíonn foireann Trócaire ar fáil le comhairle a thabhairt maidir le reáchtáil shlán na n-imeachtaí.

Caithfidh na rannpháirtithe a bheith slán agus treoirlínte an rialtais á leanúint.

Tá ábhar breise don Charghas; nótaí aithisc, machnaimh, na Soiscéil á scrúdú leis na daoine óga, agus Turas na Croise ar fáil anseo.

Tabhair faoi deara nach bhfuil anseo ach radharc amháin ar an tSúdáin Theas. Déan gach iarracht gan steiréitíopaí diúltacha a threisiú ar bhur mbealach tríd an ábhar.

Goilleann an choinbhleacht agus an bhochtaineacht ar na teaghlaigh seo, ach ní amhlaidh don uile dhuine a chónaíonn sa tSúdáin Theas. Cuir i gcuimhne do chách nach bhfuil anseo ach gné amháin de shaol na Súdáine Theas. Ba mhaith an rud dá bhféadfaí eilimintí deimhneacha na tíre a lua nuair is féidir.

Tá cuid mhaith tír eile in ilchríoch na hAfraice seachas An tSúdáin Theas. Ná cuir síos ar na teaghlaigh seo go gcónaíonn siad san Afraic. Spreag na daoine sa bhaile, sa pharóiste nó ar scoil le gúgláil a dhéanamh ar an tSúdáin Theas agus cúig fhíoras a lorg mar gheall ar an tír, sula gcuirtear tús le gníomhaíocht ar bith. Cuir béim ar ilchineálacht na tíre, agus ar ghnéithe deimhneacha an chultúir. Cuir na fíorais thuas i gcomparáid le fíorais chomhfhreagracha na hÉireann.

MAR GHEALL AR TRÓCAIRE

Bunaíodh Trócaire i 1973 mar ghníomhaireacht fhorbartha thar lear na hEaglaise Caitlicí in Éirinn.

Bunaíodh an eagraíocht mar fhreagairt ar an mbearna mhór a bhí ann idir na bochtáin agus lucht an rachmais, agus an fhreagracht atá orainne ar fad, an bhearna sin a laghdú. Deir bunreacht Trócaire go bhfuil na dualgais seo orainn ní ó thaobh na carthanachta de, ach ar son an chirt. Tá Trócaire fréamhaithe i bprionsabail an teagaisc sóisialta Caitlicigh. Bíonn an teagasc sóisialta Caitliceach bunaithe ar an gcreideamh atá ionainn go mbíonn a phlean féin ag Dia maidir le ríocht na síochána, an ghrá agus an chirt a thógáil ar domhan. Tá sé ráite go láidir agus go húdarásach ag easpaig na hÉireann i mbunreacht Trócaire: 'Ní féidir linn a rá go bhfuil grá do Dhia ionainn mura mbíonn grá don chomharsa ionainn.' Arsa Naomh Eoin linn, "Fágaim síocháin agaibh, tugaim mo shíocháin daoibh. Ná bíodh bhur gcroí buartha agus ná bíodh eagla air'.

Leagann an Pápa Proinsias an-bhéim ar thábhacht an mhuintearais agus an idircheangailteacht daonna, san imlitir thréadach Fratelli Tutti. Feicfear a leithéid go soiléir i scéalta Awut agus Ajak i rith an Charghais.

Ag glacadh le briathra an tSoiscéil, iarraimid oraibh i gcomhar le pobal an pharóiste, an acmhainn seo a léamh, a roinnt eadraibh, agus freagairt a thabhairt air agus muid ag glacadh go lúcháireach leis an tuiscint atá againn gur féidir linn rud ar bith a dhéanamh le cabhair ghrásta Dé.

Awut agus a gariníon Nyajima (2). Grianghraf: Achuoth Deng

CARGHAS 2021

I rith an Charghais beimid ag foghlaim mar gheall ar thrioblóidí na ndaoine sin a chaill a gcuid tithe agus a gcuid gaolta de bharr an chogaidh, agus faoin mbealach ina bhfuil siad ag iarraidh an saol a bhí acu a atógáil le cabhair an ghrá agus an chairdis, is trí bhua na dlúthpháirtíochta.

Cailleadh muintir Awut agus Ajak, agus a gcuid tithe, de bharr na coinbhleachta sa tSúdáin Theas. Theith siad ón sráidbhaile gan earraí ar bith acu, agus bhí orthu an bealach fada a dhéanamh ag siúl tríd an mhongach dhainséarach gan bia ná deoch dóibh féin, ná do na páistí. Tháinig Awut chuig pobal Malek, agus chuir na comharsana nua fáilte mhór roimpi. Tamall ina dhiaidh sin d'fhill Ajak ar Malek tar éis di a bheith as baile lena fear a bhí mar shaighdiúir.

I measc an phobail iontaigh seo tá daoine ar scriosadh an saol orthu, agus a caitheadh lena chéile anseo, ag iarraidh saol nua a chruthú dóibh féin a bheidh bunaithe ar an ngrá, an cairdeas agus an cineáltas. Is streachailt shíoraí é saol Awut agus Ajak agus saol na dteaghlach. Is deacair dóibh airgead a thuilleamh, bia a fhás agus freastal ar an scoil. Cuirtear go leor dúshlán agus bac roimh na mná iontacha seo, ach tugann siad aghaidh ar na dúshláin in éineacht lena chéile, iad lán den dínit, den dlúthpháirtíocht.

MAIDIR LEIS AN TSÚDÁIN THEAS

Is í an tSúdáin Theas an tír is nuaí ar domhan. Tá sí neamhspleách ón tSúdáin ó 2011 tar éis na mblianta fada coinbhleachta.

Tá an éagsúlacht le sonrú sa tSúdáin Theas. Labhraítear seasca teanga eitneacha i measc an phobail d'aon mhilliúin déag daoine. Baineann gach pobal/sráidbhaile le grúpa eitneach áirithe.

Bhíothas ag súil leis go bhféadfadh pobal na tíre is nuaí ar domhan an cogadh a chur taobh thiar díobh agus aghaidh a thabhairt go dóchasach ar an todhchaí. Ar an drochuair áfach, bhris cogadh cathartha amach idir dhá aicme pholaitiúla éagsúla i rith mhí na Nollag 2013.

Maraíodh 400,000 duine sa choinbhleacht - méid an daonra i gcontaetha na Mí agus Chill Dara lena chéile. Shíníodh conradh síochána i mí Mheán Fómhair na bliana 2018, ach leantar leis an gcogadh in áiteanna áirithe na tíre. Theith trian den phobal ón áit dhúchais, sé sin 3.8 milliún duine, agus tá siad mar dhaoine díshealbhaithe sa tSúdáin Theas (IDP), nó tá siad ag maireachtáil go fóill mar theifigh sna tíortha imeallacha. Tugann tábla staitisticí UN OCHA léargas géar ar thionchar na coinbhleachta sa tSúdáin Theas.

Pobal easáitithe inmheánach (IDP)	1.6 milliún
Easáitithe i dtíortha máguaird (dídeanaithe)	2.19 milliún
Daoine a mbíonn cabhair/cosaint dhaonnúil uathu	7.5 milliún

Tá breis eolais faoin tSúdáin Theas i Léargas Daonnúil UN OCHA Deireadh Fómhair 2020 anseo.



Bíonn Trócaire ag obair i gcomhpháirtíocht le pobal na Súdáine Theas. Beidh cur síos orthu níos faide síos anseo. Tacaíonn na cláir a bhíonn á reáchtáil againn le pobal agus le teaghlaigh na tíre ar na bealaí seo:

- Cabhair ar nós: cúnamh éigeandála, bia, uisce, earraí sláinteacha, córais séarachais
- Síolta, uirlisí, traenáil talmhaíochta le gur féidir leis an bpobal a gcuid bia féin a fhás.
- Tacaíocht chomhairleoireachta a chur ar fáil le go dtiocfadh daoine ar bhain tráma dóibh, thairis.
- Cómhaireachtáil shíochánta a chur chun cinn i measc phobal na Súdáine Theas ar fad.

SEO IAD AWUT AGUS AJAK

Is marthanóirí iad Awut agus Ajak. Tháinig siad slán ón gcogadh, ach bíonn siad ag troid in aghaidh an lae, le hairgead a thuilleamh, le bia a fhás, le híoc as scolaíocht na bpáistí, le go mairfidís faoi rath.

Réab an cogadh nach raibh aon bhaint acu leis, an saol as a chéile orthu. Sin éagóir an chogaidh. Ní ceart go mbeidís gan dídean. Ní ceart go mbeadh orthu streachailt leis an saol. Ní ceart go mbeadh orthu a bheith ag tiaráil leo ar an saol. Tacaíonn siad lena chéile, ach maireann siad faoi thionchar na himeagla, agus ní ceart a leithéid.

Chuir na mná iontacha seo aithne ar a chéile i dtosach nuair a maraíodh na fir céile i gcogadh brúidiúil na Súdáine Theas. Anois, agus iad i bhfad ó bhaile tá siad ag obair go dian le hatógáil a dhéanamh ar an saol.

Nuair a maraíodh fear céile Awut, theith sí in éineacht leis an ochtar leanbh a bhí faoina cúram aici. Bhí orthu siúl tríd an mhongach dhainséarach go dtí gur shroich siad Malek.

Cuir muintir na háite fáilte mhór roimpi agus bhronnadar paiste talún uirthi. Bíonn sé deacair ar Awut trácht ar an uair sin. Bhí amhras uirthi go dtiocfaidís slán ón gcogadh. Cheap sí go bhfaigheadh sí féin is a muintir bás, iad sáinnithe sa mhongach fiáin.

'Ba uafásach an t-eispéireas é an teitheadh', ar sise. 'Bhí ocras agus tart orainn i lár an mhongaigh. Shiúil mise agus na leanaí an bealach fada lá i ndiaidh lae gan bia ná deoch a bheith againn.'

Bhí sí ina haonar leis na leanaí. Bhí sí gan dídean, gan airgead, gan bia.

Bhí eagla, ocras agus buairt uirthi nuair a tháinig sí chomh fada le Malek. San áit iontach seo bronnadh gach a bhí caillte, dar léi, uirthi: an grá, an dóchas, an fháilte mhór ó dhaoine strainséartha.

Mí an Mhárta a bhí ann nuair a tháinig Awut agus an chlann ansin. Aimsir an ocrais a thugtaí ar na míonna sin, toisc go mbíodh barraí an fhómhair ídithe, ach gan barraí na bliana sin fásta agus ar fáil go fóill. Bhí muintir Malek ar bheagán bhia iad féin, ach roinneadar go fial leis an mbaintreach seo agus lena clann.

Is cuimhin léi nach raibh ach torthaí fiáine le hithe acu, go dtí gur tháinig

Ajak agus Awut sa bhaile i Malek, An tSúdáin Theas. Grianghraf: Achuoth Deng

páirtithe Trócaire i gcabhair orthu. Chabhraigh an cúnamh seo leis an saol a athrú. Bhronn an pobal talamh orthu, agus thug páirtí Trócaire na síolta dóibh leis an talamh a chur. Tá sí ag saothrú do dian ar an bhfeirmeoireacht le haire a thabhairt don chlann.Bunaíodh comhlachas coigiltis agus iasachtaí sa cheantar.

Níorbh fhada go raibh deis aici an grá agus an tacaíocht a thabhairt ar aghaidh go dtí a duine eile.

D'fhill Ajak ar Malek toisc gur gortaíodh a fear céile de bharr an chogaidh.

Tugann sí aire don seachtar clainne. Thuig Awut go raibh deis aici tacú le Ajak díreach mar a thug na daoine eile tacaíocht di féin.

'Chuir sí fáilte mhór romhainn', arsa Ajak, 'agus lóistín in aice léi. Ar an gcéad lá thug sí cead dom a cuid uirlisí agus plátaí a úsáid. Bhronn sí bia orainn a chlúdódh an chéad chúpla lá. Chabhraigh sí liomsa agus leis an chlann toisc nach raibh rud ar bith agamsa. Shocraigh sí síos muid.

Tagann Awut agus Ajak ó cheantair éagsúla agus ó chúlra éagsúil, ach

caitheadh lena chéile iad de bharr thubaiste an chogaidh. Dlúthchairde anois iad a thacaíonn lena chéile.

'Táim thar a bheith buíoch di,' arsa Ajak. 'Chabhraigh sí liom in am an ghátair nuair a bhí m'fhear céile go dona tinn, agus nach raibh rud ar bith agam. Chuir sí bia agus lóistín ar fáil dúinn go dtí go raibh ar ár gcumas seasamh ar ár mboinn féin. Bímid muinteartha lena chéile agus pléimid cúrsaí an tsaoil. Roinnimid lena chéile. Ardaíonn an duine eile an té a bhíonn thíos leis. Is ise mo dhlúthchara. Cabhraímid lena chéile ar an drochuair.'

Aontaíonn Awut leis seo agus deir sí gur chabhraigh dúthracht mhuintir Malek go mór leo teacht slán ón uafás.

'Roinnimid gach rud lena chéile', ar sí. 'Déanaimid gach rud lena chéile'.

'Bímid ag feirmeoireacht lena chéile le deimhin a dhéanamh de go dtugaimid aire cheart do na teaghlaigh. Feictear chuige go maireann na páistí go síochánta in éineacht lena chéile.'

'Is iontach an rud é don mhuintir díláithrithe gur féidir linn obair lámh i láimh lena chéile le bealach a dhéanamh sa saol. Is ríthábhachtach an rud é an tsíocháin a bheith againn. Ba mhaith liom go gcónódh gach duine go síochánta lena chéile, gan coinbhleacht ar bith. Mairimis mar aon cine aontaithe ar domhan.'

Léiríonn Awut agus Ajak an neart is an teacht aniar iontach, ach tá dúshláin go leor rompu agus roimh na teaghlaigh.

Ajak agus a páistí: Yomjima (11), Pawany (7), Majak (4), Chiech (6), Malong (14) agus Ngor (8 mí). Grianghraf: Achuoth Deng

'Bímid ag saothrú go dian,' a deir Ajak, ach nuair nach dtagann an bháisteach teipeann ar na barraí. Baintreach mise agus seachtar clainne orm. Bíonn an saol deacair. Déanaim mo dhícheall, ach ní bhíonn sé ar acmhainn agam i gcónaí íoc as an scolaíocht, na bróga nua, éide scoile, ná riachtanais eile scoile. Bíonn orthu fanacht sa bhaile ón scoil dá bharr. Bímid ag streachailt leis an saol, ach táim dóchasach as todhchaí na leanaí.'

Tá an misneach, an dlúthpháirtíocht, an bhuanseasmhacht a léirítear i saol Awut agus Ajak agus a muintir mar eiseamláir lonrach do chách.

Léirigh Awut and Ajak agus an dá chlann muintearas dá chéile in am an uafáis, agus leanann siad leis an tacaíocht agus an chomhbhá chéanna a léiriú le linn deacrachtaí na paindéime Covid-19. Guímid go mbeidh an misneach agus an fhlaithiúlacht atá le sonrú ina saol mar dhea- shampla agus mar inspioráid dúinne ar fad inár saol féin. Bíonn an dlúthpháirtíocht agus an cairdeas a léiríonn Awut agus Ajak dá chéile mar eiseamláir ar an dlúthpháirtíocht shóisialta atá i gceist ag an bPápa Proinsias sa litir thréadach *Fratelli Tutti*. Cuireann an Pápa glao cumhachtach orainn a bheith ag gníomhú ar son an domhain a thógáil a bheadh bunaithe ar an gcairdeas agus ar an dlúthpháirtíocht. In am an éadóchais agus na héiginnteachta, meabhraíonn sé dúinn gur cheart comhoibriú lena chéile leis na daoine imeallacha leochaileacha a chosaint.

Ní féidir maireachtáil mar chadhain aonraic. Bíonn muintearas an phobail de dhíth orainn le tacú agus le cabhrú linn, le dóchas a bhronnadh orainn as an saol sa todhchaí. Baineann tábhacht leis an fhís choiteann. Ardaíonn an fhís leithleach na taibhsí samhailteacha os ár gcomhair. Má roinnimid aisling lena chéile, áfach, bíonn deis ann tógáil ar an aisling. Cuirimis an aisling seo os ár gcomhair mar sin; maireachtáil ar domhan mar chlann amháin Dé a roinneann an daonnacht chéanna lena chéile, a thugann aire cheart don domhan coiteann, a chothaíonn a chéile lenár gcreideamh agus lenár dtuairimí saibhre féin, muid saor lenár smaointe féin a nochtadh lena chéile, mar dhearthá́ireacha agus mar dheirfiúracha a chéile.'

Fratelli Tutti 8

MODH PÁIRTÍOCHTA TRÓCAIRE

Oibríonn Trócaire le heagrais chomhpháirtíochta áitiúla ón uair a bunaíodh é sa bhliain 1973. Tá an chomhpháirtíocht ag croílár obair Trócaire.

Oibrímid le heagrais áitiúla creidimh agus le neamhchreidmhigh a roinneann ár gcuid luachanna saoil, agus a bhíonn ag saothrú ar an ábhar lárnach seo lena mbainimid: cumhachtú na mban, tógáil síochána, cearta ar acmhainní, ullmhacht dhaonnúil agus freagairt.

Tuigeann na heagrais seo riachtanais na bpobal dúchasach agus is acusan a bhíonn an chumhacht maidir le comhoibriú leis an bpobal agus athrú inbhuanaithe fadtéarmach a chur i gcrích. An ról atá ag Trócaire ná cúnamh airgid agus comhairle theicniúil a chur ar fáil. Dé réir prionsabal an teagaisc shóisialta Caitlicigh, bímid ag comhoibriú le creidmhigh agus le neamhchreidmhigh chomh maith.

Tá Trócaire tiomanta chuige, gaolta fadtéarmacha atá bunaithe ar an iontaoibh fhrithpháirteach a chruthú. Táimid ag obair le cuid de na páirtithe seo le breis agus fiche bliain. Creidimid gurbh é an chomhpháirtíocht a chabhraíonn le sochaí bheo a thógáil, ionas gur féidir domhan cóir a chruthú do chách.

Sa bhliain 2015, rinne Trócaire agus CAFOD (carthanacht forbartha idirnáisiúnta agus gníomhaireacht fhorbartha oifigiúil na hEaglaise i Sasana agus sa Bhreatain Bheag) an cinneadh straitéiseach na hoifigí sa tSúdáin Theas a aontú lena chéile. Tugadh Comhpháirtíocht CAFOD & Trócaire (CTP) ar an eagras nua. Ceann de chomhpháirtithe CTP sa tSúdáin Theas ná Comhairle Eaglaisí na Súdáine Theas.

Tá Comhairle Eaglaisí na Súdáine Theas (SSCC) mar ghrúpa éacúiméineach na seacht n-eaglais Chríostaí. Tá áit lárnach ag na daoine seo maidir le tógáil na síochána agus bronnadh na cabhrach daonnúla, toisc go bhfuil muinín ag an bpobal iontu, agus glactar go fáilteach leo. Ceann de na spriocanna a chuireann siad rompu ná an tsíocháin a chur chun cinn, agus próiseas idirbheartaíochta a mholadh i gcónaí a mhaolódh ar an gcoinbhleacht.

Tá meas ag dhá thaobh na coinbhleachta ar an eaglais Chaitliceach agus ar na heaglaisí Críostaí. Ciallaíonn

sé sin go mbíonn deis acu cainteanna a chur ar bun agus straitéis áirithe a mholadh ó thaobh na coinbhleachta a leigheas. Tugadh léargas ar an straitéis seo ag an gcúrsa spioradálta a reáchtáladh ag an Vatacáin sa bhliain 2019. Bhí an Pápa Proinsias mar óstach, agus Ardeaspag Canterbury agus Iar-mhodhnóir Chomhthionól Ginearálta na hEaglaise in Albain, Uachtarán agus Leasuachtaráin mholta na Súdáine Theas i láthair. Duine eile a bhí ann ar an ócáid seo ná an tAthair James Oyet Latansio, atá mar Ard-Rúnaí ar an SSCC. Bhí an méid seo le rá aige faoin tionchar atá ag comhpháirtíocht Trócaire agus CAFOD:

'Bíonn tionchar suntasach ag an gcomhpháirtíocht seo ar shaol na dteaghlach agus an phobail. Tuigeann na teaghlaigh go bhfuil an Eaglais Chaitliceach ann i gcónaí dóibh, ag obair trí Caritas na Súdáine Theas, trí Caritas na deoise, agus trí chomhpháirtíocht CAFOD & Trócaire. Is féidir liomsa fianaise a thabhairt toisc go bhfaighim féin cúnamh ón eaglais Chaitliceach trí CAFOD & Trócaire. Sa chaoi sin, thug an chomhpháirtíocht cabhair do na teaghlaigh agus don phobal, agus tháinig feabhsú ar an saol dóibh dá bharr.'

SEO É AN TATHAIR JAMES OYET LATANSIO

Is é an tAthair James Oyet Latansio Ard-Rúnaí Chomhairle Eaglaisí na Súdáine Theas.

Roinneann an tAthair James na haislingí atá acu sa tír is nuaí ar domhan, agus na dúshláin a chuirtear roimpi. Tá an tír ar an saol le deich mbliana, beagnach.

Tá an tAthair James ag súil leis gur féidir leis na pobail éagsúla sa tSúdáin Theas maireachtáil go síochánta lena chéile.

Is í an imní is mó atá air ná go meallfar breis daoine isteach sa chogadh. Creideann sé go gcaithfidh cách a bheith ag obair ar son na síochána. Déanann an tAthair James cur síos ar an tionchar sonrach a bhí ag an gcoinbhleacht agus ag an Covid-19 ar pháistí na Súdáine Theas:

'Íospartaigh iad na páistí anseo. Guím go dtiocfaidh feabhas ar chúrsaí amach anseo. Cailleadh an ghlúin seo áfach; is iad seo na páistí a d'fhulaing ón gcogadh, ón gcoinbhleacht, ó Covid-19. Dé bharr an drochthionchar seo ní fhreastalaíonn siad ar an scoil. Dúnadh na scoileanna ar eagla go scaipfí an Covid-19 iontu. Níl an t-idirlíon fairsing go leor le go bhfoghlaimeoidís sa bhaile. Déantar iarracht iad a oiliúint ar an raidió, ach níl an raidió ag gach uile dhuine. Is uafásach an riocht ina mbíonn na daoine óga. Is íospartaigh iad. Ní fios cén todhchaí atá rompu de bharr na dtrioblóidí seo. Mar sin féin, ní chaillfear an dóchas'.

Tá an-mheas ar an Eaglais sa tSúdáin Theas. Deir an tAthair James, 'Baineann tábhacht ar leith leis an gcreideamh i saol na ndaoine, agus déanann na heaglaisí gach iarracht an tsíocháin a chur chun cinn, i measc an phobail agus ó thaobh déileáil leis an leibhéal is airde rialtais chomh maith. Oibríonn na heaglaisí go háitiúil leis an bpobal a tharraingt le chéile trí 'fóraim neodracha' a reáchtáil, le réiteach saor ón bhforéigean a lorg i gcás na coinbhleachta'.

Deir an tAthair James chomh maith: 'Is iontach an rud é a bheith ag comhoibriú go dlúth lenár bpáirtithe Trócaire. Toisc go mbímid in éineacht lena chéile is féidir nascadh go héifeachtach leis na pobail, le freastal a dhéanamh ar a gcuid riachtanas. Cuireann Trócaire traenáil bunaithe ar na modhanna is fearr feirmeoireachta ar fáil i Yirol, cuireann siad uisce ar fáil agus déanann siad na mná is na cailíní a d'fhulaing ón bhforéigean a chumhachtú. Tá sé ar acmhainn acu a leithéid a dhéanamh toisc go dtacaíonn na paróistí ó thuaidh is ó dheas in Éirinn leo – cuireann bhur bpaidreacha, bhur ngníomhartha is bhur gcúnamh airgid ar ár gcumas an chabhair chuí a sholáthar.

Gabhaim buíochas ó chroí libh as smaoineamh ar na deartháireacha is na deirfiúracha sa tSúdáin Theas, agus cuirim urnaí bhuíoch in airde ar bhur son.'

An tAthair James Oyet Latansio, Ard-Rúnaí Chomhairle Eaglaisí na Súdáine Theas (SSCC). Grianghraf: SSCC

URNAÍ AR SON NA SÍOCHÁNA

Tá brí i bhfad níos leithne ag an bhfocal bíobalta *síocháin*, seachas easpa foréigin amháin. Ciallaíonn an focal Giúdach *shalom*, gach a mbronnann dea-shláinte agus folláine orainn.

Ciallaíonn an focal Gréigise ón Tiomna Nua *eirene* go mbristear anuas na baic a thógtar idir dhaoine. Tá iarracht den smaoineamh seo le sonrú i *Fratelli Tutti* agus i scéalta Awut agus Ajak agus iad ag seasamh lena chéile agus aisling gheal na todhchaí rompu.

Ghlac an tír atá in aice láimhe, Uganda, leis na céadta mílte teifeach ón gcogadh sa tSúdáin Theas. Bíonn go leor de cheannairí na n-eaglaisí in Uganda ar nós an Ardeaspaig Odama ag guí go tréan ar son na síochána sa tSúdáin Theas.

Scríobh an tAthair James an phaidir ar son na síochána seo leanas, agus iarrann sé ar phobal na hÉireann é a rá i rith an Charghais 2021.

Nuair a bhíonn an phaidir á rá agat, bí ag smaoineamh ar na fáthanna le gur tharla an choinbhleacht go forleathan ar domhan ó thús ama, agus ar an drochthionchar a bhí ag an easpa síochána ar shaol na ngnáthdhaoine.

An tArdeaspag John Baptist Odama ón Ard-deoise Caitliceach Rómhánach Gulu in Uganda. Grianghraf: Mark Stedman

Bí ag smaoineamh ar na héagóracha a d'fhulaing Awut, Ajak agus gach duine ar cuireadh as seilbh iad de bharr na coinbhleachta. Cén fhreagairt a thugadar ar an éagóir seo? Conas is féidir linne dlúthpháirtíocht a léiriú ar son na ndeartháireacha agus na ndeirfiúracha a throideann gach lá in aghaidh na héagóra, ar bhealach láidir, lán de dhínit?

Urnaí ar son na Síochána

Ar an mbealach tríd an gCarghas, agus muid ag machnamh ar Íosa a bheith san fhásach, guígí ar ár son, muintir na Súdáine Theas, go mbeidh síocháin inár measc. Bígí in éineacht linn, beirigí greim láimhe orainn, bronn an lámh chúnta ar phobal na heaglaise sa tSúdáin Theas.

Beirigí greim láimhe ar ár ndeartháireacha agus deirfiúracha sa tSúdáin Theas.

Bígí ag taisteal in éineacht linn i rith an Charghais.

Trí Chríost ár dTiarna, Amen.

An tAthair James Oyet Latansio

Urnaí bhreise ar leathanaigh 20 agus 21.

Glacann teifigh na Súdáine Theas páirt i seirbhís eaglasta an Domhnaigh ag campa na ndídeanaithe Bidi Bidi, Uganda. Grianghraf: Mark Stedman

CEARDLANN AN PHARÓISTE LECTIO DIVINA

Tugann Trócaire cuireadh duit anois, páirt a ghlacadh i gceardlann/plé.

Is féidir an cheardlann seo a rith leat féin nó le grúpa duine sa bhaile, sa pharóiste, nó i measc an phobail ar bhealach sábháilte a leanann na treoracha Covid-19 a bhaineann le do cheantar féin. Mar atá le sonrú sa ghrianghraf thuas, cruinníonn dídeanaithe na Súdáine Theas go minic lena chéile le guí agus machnamh a dhéanamh.

Léitear an soiscéal ón dara Domhnach sa Charghas sa ghníomhaíocht seo. Is féidir modh na ceardlainne a chur i bhfeidhm ar shoiscéal an Domhnaigh nó ar shoiscéal ar bith an lae i rith an Charghais.

Tugtar Lectio Divina ar an gceardlann seo. Tá ocht gcéim ag baint leis. Is féidir iad a leanúint go dlúth nó iad a chur in oiriúint don chleachtadh spioradálta a bheadh oiriúnach daoibh féin.

Má theastaíonn uaibh ball foirne Trócaire a bheith mar cheannaire ar an ngníomh spioradálta seo, bíodh sé ar líne, nó aghaidh ar aghaidh, bígí i dteagmháil le: colm.hogan@trocaire.org

Céim 1

Ceannaire: Tosóimid leis an nguí:

In ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh, Amen.

Paidir Thosaigh: A Thiarna, stiúir ár gcroí is ár n-intinn. Múin dúinn conas tusa a ghrá i mbriathar agus i ngníomh. Cabhraigh linn an ceart a lorg do chách, Amen.

Céim 2

Ceannaire: Cloisimid briathra seo an tSoiscéil ar an dara Domhnach den Charghas:

'Is é seo mo Mhac muirneach dár thug mé gnaoi: éistigí leis!' Cuir ceist ort féin: cé hiad na daoine a mbímid ag éisteacht leo i rith an lae? Tugaim cuireadh daoibh éisteacht leis na briathra seo agus aire a thabhairt dóibh.

Sliocht ó Shoiscéal N. Marcas 9:2–10

Sé lá ina dhiaidh sin, rug Íosa leis Peadar, Séamas agus Eoin, agus sheol sé suas iad sliabh ard ar leithligh. Agus tháinig claochlú air os comhair a súl, agus d'éirigh a chuid éadaigh dealrach, iad gléigeal thar cuimse, nach bhfuil úcaire ar domhan a dhéanfadh chomh geal iad. Agus chonacthas dóibh Maois mar aon le hÉilias agus iad ag comhrá leis. Agus labhair Peadar le hÍosa: 'A Mháistir,' ar sé, 'is maith mar a tharla anseo sinn: déanaimis trí bhothanna, ceann duit féin, ceann do Mhaois agus ceann d'Éilias' – mar ní raibh a fhios aige cad ba mhaith dó a rá óir tháinig uamhan orthu. Agus tháinig scamall ina scáil anuas orthu, agus an glór as an scamall: 'Is é seo mo Mhac muirneach dár thug mé gnaoi: éistigí leis!'

Seo é Soiscéal an Tiarna. Moladh duit a Thiarna Íosa Críost.

Bíodh sos ciúin anseo le go smaoineodh cách ar bhriathar Dé.

Céim 3

Ceannaire: Tabhair cuireadh do dhuine eile ón ngrúpa an Soiscéal a léamh arís. Bíodh machnamh dhá nó trí nóiméad ann ina dhiaidh sin. Éistigí le briathar Dé in bhur gcroí istigh.

Céim 4

Ceannaire: Tabhair cuireadh don ghrúpa agus do na daoine indibhidiúla na ceisteanna seo a fhreagairt trí phlé a dhéanamh orthu.

- Roghnaigh focal nó frasa suntasach ón soiscéal agus scríobh síos é.
- Cén bhrí a bhaineann tú anois díreach as an bhfrása nó an focal áirithe seo? Scríobh an freagra síos más féidir.

Ceannaire: Smaoinigh go ciúin ar an teachtaireacht a thugann an tAthair duit trí mheáin an tSoiscéil.

- An bhfuil Dia ag iarraidh ort glacadh le rud áirithe nó scaoileadh le rud áirithe?
- An bhfuil Dia ag iarraidh ort rud a dhéanamh nó bheith mar a ionstraim?
- Lean leat ag éisteacht le cuireadh Dé agus tabhair freagra macánta air, os ard nó go ciúin.

Páistí ag lorg uisce i Malek. Grianghraf: Achuoth Deng

Céim 5

Ceannaire: Léigh an soiscéal don tríú huair, ar bhealach urnaitheach, ag glacadh le gach a ndeir an tAthair leat. Lig do bhriathra an tSoiscéil dul go smior ionat. Tabhair faoi deara an grá a bhronnann an tAthair ort. Tar éis cúpla nóiméad, tabhair cuireadh do dhuine éigin nó do chách an machnamh seo a ghuí lena chéile.

Machnamh: A Dhia na nUile, Is den bhunús céanna gach duine againn, agus is é do ghuí go mairimis mar chlann Dé. Déan ár gcroí a líonadh le spiorad do ghrá, agus spreag sinn leis an gceart a chinntiú dár ndeartháireacha agus dár ndeirfiúracha ar fad.

Roinnimis an tíolacadh iontach a bhronn tú orainn ionas go gcuirfimid an chóir agus an t-ionannas ar fáil do chách.

Cuir ar ár gcumas gach easaontas a leigheas agus sochaí a thógáil a bheadh bunaithe ar an ngrá agus ar an tsíocháin. Iarraimid é seo ort tríd ár dTiarna Íosa Críost do Mhac, a mhaireann agus a rialaíonn leatsa agus leis an Spiorad Naomh, aon Dia amháin trí shaol na saol, Amen.

In oiriúint ón Aifreann 'For the Progress of Peoples', https://adelaide.catholic.org.au/links/australian-catholic-social-justice-council-

Céim 6

Féach – Tomhais – Gníomhaigh

a) **Féach**
Léigh an t-alt thuas faoi mhodh páirtíochta Trócaire agus tú ag smaoineamh ar bhriathra an tsoiscéil, agus tú ag machnamh ar an bhfrása suntasach a thug tú faoi deara.

b) **Tomhais**

Cuirigí na ceisteanna seo oraibh féin nó pléigh mar ghrúpa iad. Is féidir na freagraí a scríobh más maith libh.

i) Cad a cheapann sibh faoi mhodh páirtíochta Trócaire?

ii) Bíonn ról tábhachtach ag an Eaglais sa tSúdáin Theas maidir leis an tsíocháin a lorg agus deireadh a chur leis an gcoinbhleacht. Conas mar a fheidhmíonn an Eaglais in Éirinn ó thaobh ceart agus ionannas a lorg i measc an phobail anseo?

c) **Gníomhaigh**

Ceannaire: Smaoinigh ar feadh nóiméid ar an Soiscéal agus ar mhodh páirtíochta Trócaire, agus ar an méid a d'fhéadfá a dhéanamh i do shaol féin, agus an ráiteas seo á léamh agaibh:

'Ardaigh agus sín amach do lámha, ní i dtreo na flaithis, ach i dtreo na mbocht. Má shíneann tú an lámh chúnta i dtreo na mbocht, tá barr neimhe sroichte agat.'

Naomh Eoin Chrysostom

Céim 7

Ceannaire: Ceannaire: Cad iad na céimeanna a ghlacfá i do shaol féin sa pharóiste nó i measc an phobail, a chinnteodh go mbeadh saol níos cothroime ar fáil dár ndeartháireacha agus dár ndeirfiúracha?

Creideann an tAthair James ó Chomhairle Eaglaisí na Súdáine Theas, ár gcomhpháirtithe féin, go bhfuil gach duine againn ar domhan le glóir a thabhairt do Dhia, agus lena thoil a dhéanamh.

Cad a dhéanfaí:

- Spreag baill agus grúpaí an pharóiste le páirt a ghlacadh sa cheardlann seo.
- Déan obair dheonach le Trócaire, ar son an domhain chóir inbhuanaithe.
- Tabhair cuairt ar shuíomh ghréasáin Trócaire le fáil amach conas tacú linn agus le breis acmhainní a fháil maidir le scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna faoin gceartas agus faoi chearta an duine.

Céim 8

Ceannaire: Ceannaire: Cuirimid deireadh leis an gceardlann agus muid ag guí:

In ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh, Amen.
An troscadh is áil liom, nach é seo é?
Geimhleacha na héagóra a scaoileadh, an ceangal a bhaint den chuing;
an dream a smachtaíodh a scaoileadh saor amach, an uile chuing a bhriseadh.
Má thugann tú do chuid aráin don ocrach agus a sháith don duine dearóil,
éireoidh do sholas sa dorchadas agus beidh do ghruaim ina loinnir mheán lae.

Íseáia 58:6, 10

Iarraimid cabhair ó Mhuire, ár Máthair
Sé do Bheatha a Mhuire …
Amen.

URNAÍ LE HÚSÁID SA PHARÓISTE/ POBAL

Le húsáid ag machnamh na Comaoineach, ag tús chruinnithe na comhairle tréadaí, nó mar urnaí phearsanta.

Urnaí ar son na nDaoine faoi Thionchar na Coinbhleachta

A Dhia na síochána,
Taispeáin dúinn conas gach lón cogaidh a chur uainn, agus cabhraigh linn airm an scriosta a mhilleadh.

A Dhia na síochána, go dtaga do ríocht.

A Dhia na síochána,
Múin dúinn conas bealach an cheartais a leanúint, agus bí in éineacht linn ar aistear na fírinne.

A Dhia na síochána, go dtaga do ríocht.

A Dhia na síochána,
Tabhair dúshlán an lóin cogaidh, agus cuir an ruaig ar an roinnt is an ghráin, ionas go gcodlóidh do chlann go slán.

A Dhia na síochána, go dtaga do ríocht.

Amen.

Linda Jones/CAFOD

Urnaí le Deireadh a chur le hOcras is le Covid-19

Urnaí Phráinneach ón bPápa Proinsias

Iarrann an urnaí seo ar an Tiarna deireadh a chur leis an bpaindéim Covid-19 agus spreagtar muid le smaoineamh ar phaindéimeanna eile atá ar domhan, agus tá go leor acu ann ar nós phaindéim an chogaidh, agus paindéim an ocrais. Tuigimid ó scéalta mhuintir Awut agus Ajak go bhfuiltear ag fulaingt ón mbochtaineacht agus ón gcoinbhleacht, agus anois ó Covid-19 sa tSúdáin Theas.

A Dhia cuir deireadh leis an tragóid seo.

Cuir deireadh leis an bpaindéim Covid-19.

A Dhia bí trócaireach agus cuir deireadh le gach aon phaindéim uafásach eile: an t-ocras, agus an cogadh, agus líon na bpáistí gan oideachas ar bith.

Amen.

An Pápa Proinsias, Bealtaine 2020

Paidir Bhuíochais

Is leor san

Má ghoilleann an éagóir ort, is leor san.
Mura ngoileann tú, ach má ghníomhaíonn tú, is leor san.
Más féidir leat an lámh chúnta a shíneadh i dtreo an té gan dóchas, is leor san.
Mura féidir leat ach an dea-smaoineamh a bhronnadh, is leor san.
Mura nglacann tú le dúshaothrú an duine eile, is leor san.
Má bhíonn comhbhá agat leis na dearthháireacha agus na deirfiúracha bochta, is leor san.
Más féidir leat a shamhlú go bhféadfaí feabhas a chur ar an saol, duine i ndiaidh dhuine toisc go ndearna tú féin an iarracht, is tusa an duine comhbhách, caoin, iontach, agus ní beag san.

Trócaire

Guí an Phobail

Guímid ar son mhuintir na Súdáine Theas. Glac lenár nguí a Thiarna, ionas go bhfeabhsófar staid na ndaoine is leochailí ar domhan. *A Thiarna éist linn.*

Guímid ar son mhuintir Awut agus Ajak. Chualamar a gcuid scéalta i rith an Charghais. Roinneann siad go fial lena chéile in aghaidh na ndeacrachtaí. Deonaigh go mbeidh siad mar inspioráid dúinne anseo in Éirinn, agus go spreagfar sinn le guí ar a son, agus le bronnadh go flaithiúil orthu. *A Thiarna éist linn.*

Guímid ar son na síochána ionas go dtiocfaidh deireadh leis an gcoinbhleacht agus gur féidir linn maireachtáil ar bhealach grámhar measúil lena chéile san áit chónaithe coiteann. *A Thiarna éist linn.*

Guímid ar son obair Trócaire, agus ar son na ndaoine ar fud an domhain a mhaireann faoi dhainséar nó faoi imeagla. *A Thiarna éist linn.*

Guigh ar son na Síochána sa tSúdáin Theas

A Dhia ár nAthair an ghrá agus na trócaire, is tusa a chruthaigh gach pobal, gach treabh, gach náisiún. Is é do ghuí é go mbeadh cómhaireachtáil síochánta sítheach againn lena chéile, toisc gur de chlann Dé muid ar fad.

Iarraimid maithiúnas ort as na huaireanta nár éirigh linn cónaí go síochánta lena chéile. Déan ár gcionta a leigheas agus cabhraigh linn athmhuintearas a dhéanamh lena chéile.

Bronn d'eagna ar ár gcuid ceannairí agus cabhraigh linn an meas, an ceartas agus an t-athmhuintearas a chothú inár measc, ionas gur féidir le pobal aonta na Súdáine Theas maireachtáil ar bhealach síochánta lena chéile. Iarraimid é seo ort trí Íosa Críost ár dTiarna, Amen

Deirtear an phaidir seo in oifig CAFOD/ Trócaire na Súdáine Theas ag cruinnithe na seachtaine i rith na bliana. Buíochas le: Ard-deoise Chaitliceach Juba

Tá breis acmhainní, nótaí aithisc, An Soiscéal á Scrúdú leis an Aos Óg, Turas na Croise, machnaimh, grianghraif agus físeáin ar fáil anseo

Bí Linn ar:

Facebook: facebook.com/trocaireireland – déan teagmháil linn

Twitter: twitter.com/trocaire – na tvuíteanna is déanaí

YouTube: youtube.com/trocaire – tacaíonn sibh leis na daoine seo

Vimeo: vimeo.com/trocaire – féach ar na físeáin

Instagram: instagram.com/trocaireonline – físeáin agus grianghraif

Bí i dTeagmháil Linn:

Trócaire, Maigh Nuad,
Co. Chill Dara, Éire
F: +353 (0)1 629 3333
R: colm.hogan@trocaire.org

Trócaire, 50 Sr. an Rí,
Béal Feirste BT1 6AD,
Tuaisceart Éireann
F: +44 (0) 28 90 808 030
R: infoni@trocaire.org

Trócaire, 9 Sr. an Chócaigh,
Corcaigh, Éire
F: +353 (0)21 427 5622
R: corkcentre@trocaire.org

www.trocaire.org

Glacadh roinnt de na grianghraif thuas roimh an phaindéim Covid-19, agus sular cuireadh treoirlínte an scartha sóisialta i bhfeidhm.

Glacann Trócaire go mór chugainn féin na dualgais atá orainn maidir le do shonraí pearsanta, agus táimid tiomanta chuige, cloí leis an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta um chosaint sonraí, siad sin An tActh um Chosaint Sonraí 1988–2018 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS – uathrialaithe i mballstáit AE Bealtaine 2018). Le breis eolais a fháil maidir leis an mbealach ina ndéanaimid do chuid sonraí a phróiseáil is a chosaint, téigh chuig trocaire.org/privacy-security nó is féidir cóip den ráiteas príobháideachta a lorg uainn.

Trócaire

TAG: CH3